Cultúr Éireann
Culture Ireland

the arts council an chomhairle ealaíon
funding architecture

GAIRM OSCAILTE AR

LÉIRITHE SPÉISE MAIDIR LE CUR I LÁTHAIR NA hÉIREANN AG AN 19ú TAISPEÁNTAS IDIRNÁISIÚNTA AILTIREACHTA SA VEINÉIS, LA BIENNALE DI VENEZIA 2025, A LÉIRIÚ

CLÁR AN ÁBHAIR

CUIREADH 1
BUNEOLAS 2
MIONSONRAÍ FAOIN nGAIRM OSCAILTE 4
CÚNAMH Ó CHULTÚR ÉIREANN 5
BUISÉAD 7
MIONTREOIR MAIDIR LEIS AN TAISPEÁNTAS 8
IARRATAS 10
AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN 12
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA 13
AISEOLAS 14
AN TRÁTHCHLÁR ROGHNÚCHÁIN 14
COMHFHREAGRAS 14

CUIREADH

Tugann Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon cuireadh léirithe spéise a chur faoi bhráid maidir le cur i láthair na hÉireann ag *an 19ú Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis, La Biennale di Venezia* sa bhliain 2025 a léiriú.

Tá tograí sárspéisiúla lena léirítear ardaidhmeanna agus samhlaíocht á lorg ó ailtirí nó ó chomhlachtaí ailtireachta de chuid na hÉireann, ó léiritheoirí nó ó mheithle comharoibre a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí ailtireachta.

Bheifí buíoch díot dá dtapófá an deis seo más amhlaidh gur spéis leat:

- ailtireacht agus cleachtadh na hailtireachta in Éirinn a chur i láthair do lucht féachana idirnáisiúnta;

- leas a bhaint as an ardán idirnáisiúnta seo chun plé a spreagadh ar shaothrú na ailtireachta in Éirinn nó ar shaothar ailtireachta de chuid na hÉireann;

- clú idirnáisiúnta a tharraingt ar ailtirí na hÉireann agus deiseanna idirnáisiúnta a chruthú d'ailtirí de chuid na hÉireann san am atá le teacht;

- an taispeántas a chur ar chamchuairt náisiúnta i rith na bliana 2026.

Le rannpháirtíocht na hÉireann san *19ú Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis, La Biennale di Venezia*, féachtar le

> *"ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr na hailtireachta agus léiriú a thabhairt ar a mbaineann den nuachruthaitheacht agus den tsócúlacht léi, den spreagúlacht, den mhodhúlacht agus den ghaisciúlacht*"

mar a luaigh Shelley McNamara agus Yvonne Farrell ón gcomhlacht Grafton Architects, léiritheoirí Biennale 2018.

Tugtar cuireadh duit togra a chur faoi bhráid faoi **mheán lae Dé hAoine, an 6 Deireadh Fómhair 2023**.

BUNEOLAS

Níl imeacht ailtireachta ar fud an domhain is mó clú ná an *Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis, La Biennale di Venezia*. Chomh maith leis an Taispeántas Sainléirithe Idirnáisiúnta agus na hócáidí eile a ghabhann leis sin, bíonn níos mó ná 60 taispeántas náisiúnta ar siúl ó thíortha ar fud an domhain. Sa bhliain 2018, thug níos mó ná 275,000 cuairt ar an taispeántas agus sa bhliain 2021, tar éis ócáid na bliana 2020 a chur ar athló, tharraing Biennale Ailtireachta na Veinéise níos mó ná 300,000 cuairteoir in ainneoin go raibh de shrianta agus de chonstaicí roimh chúrsaí ar fud an domhain.

Éire sa Veinéis an cur i láthair náisiúnta ar son na hÉireann ag Biennale na Veinéise agus Cultúr Éireann i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon a dhéanann ceannródaíocht ina leith. Tá Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon tugtha do chur in athuair leis an dea-chlú a cothaíodh ar Éirinn ag Biennales Ailtireachta roimhe seo.

Trí rannpháirtíocht na hÉireann ag an *Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis, La Biennale di Venezia,* féachann Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon le cur leis an aird ar ailtireacht na hÉireann agus deiseanna a chruthú d'ailtirí na hÉireann go hidirnáisiúnta.

Chomh maith le fónamh mar ardán idirnáisiúnta d'aos ailtireachta na hÉireann, tugann Biennale na Veinéise deis d'ailtirí caidreamh a cheangal le lucht féachana iléagsúil idirnáisiúnta agus dul i gcion ar phatrúin a thiocfaidh chun cinn san ailtireacht. Tugtar deis faoi leith freisin do na rannpháirtithe caidreamh a nascadh agus a chothú le hailtirí, léiritheoirí agus comhoibrithe idirnáisiúnta.

Téama na Bliana 2025

Níl an téama léiritheoireachta forghinearálta fógartha go fóill tráth a bhfuil an cuireadh seo á fhoilsiú.

Is é is fearr go dtiocfadh ionadaíocht náisiúnta na hÉireann faoi anáil an téama léiritheoireachta forghinearálta, nuair a chuirtear sin in iúl. Sa chás go bhfógraítear an téama go poiblí roimh an dáta deiridh, beidh sé

ar fáil ar láithreán gréasáin La Biennale di Venezia (http://www.labiennale.org/en/architecture/).

Pailliún na hÉireann

Faoi réir a dheimhnithe, tá rún an spás céanna atá in úsáid faoi láthair san Arsenale a chur in áirithe ar son na hÉireann don bhliain 2025 (san ionad céanna inar cuireadh taispeántas náisiúnta na hÉireann ar siúl le deich mbliana anuas). Tá teacht ar íomhánna agus ar mhapaí in Aguisín 1.

Beidh an 19ú *Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis, La Biennale di Venezia* ar siúl ó mhí na Bealtaine go mí na Samhna 2025 agus ní mór Pailliún na hÉireann a bheith ar oscailt ó thús go deireadh thréimhse an taispeántais.

Camchuairt na hÉireann

Tá de choinníoll go dtugtar an taispeántas ar ais go hÉirinn agus go n-eagraítear camchuairt náisiúnta i rith na bliana 2026 ar mhaithe le muintir na hÉireann. Ní mór an chamchuairt sin a thabhairt san áireamh sna tograí a chuirtear le chéile.

MIONSONRAÍ FAOIN nGAIRM OSCAILTE

Tá léiriú spéise á lorg ag Cultúr Éireann agus ag an gComhairle Ealaíon uathu sin ar mhian leo léiritheoireacht agus cur i láthair a dhéanamh maidir le hionadaíocht na hÉireann ag *an 19ú Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis, La Biennale di Venezia 2025*.

Is iad a fhéadann a bheith ina n-iarrthóirí

- ailtire, comhlacht ailtireachta nó léiritheoir ag a bhfuil saineolas ar an ailtireacht aige nó
- meitheal, le hailtire ar dhuine de na baill lárnacha, agus ar a bhféadfadh léiritheoirí, táirgeoirí agus lucht cleachtais a bheith ina mbaill chomh maith.

Sa chás gur grúpa a dhéanann an t-iarratas, ní mór an léiritheoir a ainmniú ina p(h)ríomhiarratasóir agus is leis an duine sin is mó a dhéanfar comhfhreagras go dtagann deireadh leis an togra.

Ní mór dóibh sin a chuireann iarratas faoi bhráid a léiriú go bhfuil eolas agus inniúlacht ar an leibhéal cuí ar fáil chun taispeántas a fhorbairt, a bhainistiú agus a chur i gcrích ar an scála is gá chun seasamh ar son na hÉireann sa Veinéis sa bhliain 2025 agus a thabhairt ar chamchuairt na hÉireann sa bhliain 2026.

Maidir leis an 19ú *Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis, La Biennale di Venezia* 2025, tá tograí á n-iarraidh ar an mbunús seo a leanas:

- Ní mór béim sa togra ar ábhar nó ar réimse a bhaineann go sainiúil le gnéithe comhaimseartha den ailtireacht in Éirinn, mar shampla, an cultúr, na teoiricí, na gnáis, na cleachtóirí a bhaineann léi, nó gnéithe den stair, treonna atá á dtuar. Ba cheart go mbeadh ceangal idir an réimse béime seo agus an comhthéacs agus fóram idirnáisiúnta don ailtireacht atá i gceist le *La Biennale di Venezia*;

- D'fhéadfadh gur aon ailtire amháin nó aon chomhlacht ailtirí amháin a chur i láthair a bheadh i gceist le togra nó d'fhéadfadh saothar roinnt ailtirí éagsúla de chuid na hÉireann a theacht i gceist. Ina leithéid sin de chás, ní mór an t-ailtire nó na hailtirí lena mbainfeadh

an taispeántas a ainmniú agus a gcuid rannpháirtíochta sin a dheimhniú an tráth a gcuirtear an togra faoi bhráid;

- Is ceart ardaidhmeanna uaillmhianacha leis an togra, ag teacht le scála na deise agus leis an taispeántas a bheith ag seasamh ar son na hÉireann ar an ardán idirnáisiúnta seo;

- Ní mór an léiritheoir a bheidh i gceannas maidir le tabhairt i gcrích an taispeántais a ainmniú go sonrach sa togra. Éireannach, nó duine ar a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi in Éirinn, a bheidh sa léiritheoir;

- Beidh an mheitheal a cheaptar freagrach as an gcoincheapadh, as an dearthóireacht, as an gcur i gcrích agus as an mbainistíocht maidir leis an taispeántas sa Veinéis sa bhliain 2025 agus a thabhairt ar ais go hÉirinn agus a chur ar chamchuairt náisiúnta i rith na bliana 2026;

- Is ceart cúrsaí inmharthanachta a thabhairt san áireamh i ndáil le gach céim de ré feidhme an tionscadail.

CÚNAMH Ó CHULTÚR ÉIREANN

Cultúr Éireann atá ainmnithe mar Choimisinéir maidir le Biennale na Veinéise. Oibreoidh Cultúr Éireann i gcomhar leis an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ag fónamh don tionscadal maidir le cúrsaí cumarsáide agus ócáidí seolta agus oscailte. Cuirfear treoir maidir le taispeántas a chur ar siúl ag Biennale na Veinéise ar fáil chun cuidiú leis an togra a roghnaítear don bhliain 2025 a thabhairt i gcrích.

Taithí

Is inmhianta taithí ag an iarratasóir:

- Ar thaispeántais / tionscadail mhórscála a fhorbairt, a léiriú agus a mhúnlú;

- Ar an ailtireacht a chur i láthair an phobail trí thaispeántais;

- Ar oibriú le lucht aitheantais idirnáisiúnta agus líonraí a bhaineann le hearnáil na healaíne agus an chultúir;

- Ar chistíocht phríobháideach agus phoiblí a chruthú agus a riar;

- Ar oibriú leis na meáin chumarsáide agus le geallsealbhóirí i mbun tograí ealaíne agus/nó cultúir a chur chun cinn.

BUISÉAD

Níl príomhbhuiséad socraithe go cinnte go fóill maidir le Biennale 2025, ach is féidir bonnlíne c. €410,000 maidir le buiséad oibriúcháin, €280,000 ó Chultúr Éireann agus €130,000 ón gComhairle, a úsáid mar threoirlíne.

Gabhann cíos measta €160,000 leis an spás a úsáideann Éire san Arsenale. Tugtar an costas cíosa sin san áireamh sa bhuiséad foriomlán c. €410,000 agus déanann Cultúr Éireann a íoc go díreach le La Biennale. Dá réir sin, is ionann an buiséad oibriúcháin glan measta agus €250,000. Ba é taithí na dtograí cur i láthair roimhe seo sa Veinéis go raibh gá le cuid mhaith bailithe cistíochta, sa bhreis ar a raibh á chur ar fáil sa bhuiséad, chun na hardaidhmeanna agus scála an togra a roghnaíodh a thabhairt i gcrích.

Beidh buiséad ar leith suas le €100,000 á chur ar fáil ag an gComhairle Ealaíon don chamchuairt náisiúnta sa bhliain 2026. Beidh iarratas eile ina leith sin le déanamh leis an gComhairle Ealaíon i ndeireadh na bliana 2025.

Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leis/léi na nithe seo a leanas a ghlanadh taobh istigh den bhuiséad oibriúcháin:

- An obair dearthóireachta, forbartha agus léiriúcháin ar an gcoincheap;

- An t-ábhar grafaice cuí, íomhánna, trealamh agus bunábhar ar fad a chur ar fáil is gá chun an taispeántas a chur i láthair agus a léiriú do lucht féachana poiblí náisiúnta agus idirnáisiúnta;

- An costas lastais ar fad maidir leis an taispeántas a thabhairt don Veinéis agus ar ais, chomh maith lena fheistiú agus a bhaint anuas;

- An costas iomlán taistil agus lóistín sa Veinéis don fhoireann léiriúcháin, don fhoireann feistiúcháin, don fhoireann rannpháirtíochta agus d'fheitheoirí;

- Costais a bhaineann leis an mbolscaireacht ar an taispeántas;

- Ócáid seolta agus oscailte a chur ar bun sa Veinéis i mí na Bealtaine 2025.

Éileofar ar an bhfoireann a n-éireoidh leo plean maidir le bainistíocht tionscadail a leagan amach, córas maidir le bainistíocht airgeadais agus córas tuairiscíochta san áireamh, agus sin a aontú le Cultúr Éireann agus leis an gComhairle Ealaíon an tráth a mbíonn an Comhaontú Deontais á shíniú.

MIONTREOIR MAIDIR LEIS AN TAISPEÁNTAS

Critéir
Déanfar na hiarratais a mheas agus a roghnú de réir na gcritéar seo a leanas:

Tréithe Ealaíne

- Soiléire an choincheapa, na dearthóireachta agus thoradh an tsaothair ó thaobh na hailtireachta agus a cheangal le cleachtadh comhaimseartha na hailtireachta in Éirinn i gcomhthéacs chultúr, smaointe, dheacrachtaí agus ghnáis na hailtireachta in Éirinn;
- Teist na healaíne ar an iarratasóir agus ar an bhfoireann ealaíne atá ceangailte leis an togra faoi mar a chuirtear in iúl leis *na curricula vitae* agus ábhar eile a chuirtear ar fáil;
- An fhís chruthaitheachta, an ardaidhm, an bhun-nuálaíocht agus an inniúlacht a léirítear leis an togra.

Sásamh na nAidhmeanna

- Ardaidhm uaillmhianach, nuálaíocht, sárchaighdeán agus oiriúnacht an togra maidir le hionadaíocht ar son na hÉireann os comhair lucht féachana idirnáisiúnta i gcomhthéacs an ardáin a bhaineann le Biennale na Veinéise;
- A fheabhas agus a oiriúnaí atá ceangal idir an togra agus cleachtadh comhaimseartha na hailtireachta in Éirinn i gcomhthéacs idirnáisiúnta an Biennale le haird ar phatrúin, ar cheisteanna nó ar théamaí maidir le cleachtadh na linne;
- An díocas agus an acmhainn maidir le camchuairt náisiúnta a thabhairt i gcrích sa bhliain 2026.

Féidearthacht

- Taithí, saineolas agus rath maidir le taispeántais ailtireachta a mhúnlú, a chur i láthair agus a chur ar siúl do lucht féachana

iléagsúil, lena n-áirítear scileanna líonraithe agus lucht aitheantais idirnáisiúnta;

- Taithí ar bhainistiú tionscadail i ndáil le tionscadail mhórscála agus fianaise ar thionscadail a léiriú agus a chur i gcrích go hidirnáisiúnta le haird ar an ngá coinníollacha suntasacha ama agus riachtanais taistil a shásamh;
- Taithí ar bhainistiú buiséid agus acmhainn bailithe cistíochta;
- Plean saolré iomlán an taispeántais ina leagtar amach gnéithe inmharthanacha maidir leis an tionscadal, le haird ar chúrsaí ábhair, taistil agus iompair, athúsáide, agus eile.

-

IARRATAS

Maidir leis an togra iarratais ina leagtar amach smaointe, cur chuige agus acmhainn an iarratasóra maidir le cur i láthair ar an scála is gá a eagrú chun seasamh ar son na hÉireann ag an 19ú *Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis, La Biennale di Venezia* sa bhliain 2025, is ceart na nithe seo a leanas a bheith ag baint leis:

- Bileog chumhdaigh arna líonadh isteach go hiomlán (baintear úsáid le do thoil as an teimpléad a chuirtear ar fáil in Aguisín 2);

- Teideal oibre;

- Sa chás gur meitheal atá i gceist, liosta d'ainmneacha na ndaoine ar fad ar an bhfoireann agus de na róil a bheidh le gach duine faoi seach, ina measc an príomhiarratasóir / an léiritheoir arna lua go sonrach;

- Deimhniú ar aontú ailtire nó ailtirí le saothar dá gcuid a chur ar taispeáint i ngach cás ina bhfuil sin á bheartú;

- Tuairisc mhionsonraithe ar an bhfís chruthaitheachta a ghabhann leis an togra agus ar an toradh saothair ailtireachta a bheidh á chur ar taispeáint;

- Aird go sainráite ar gach critéar acu sin a leagtar amach thuas;

- Plean imlíneach maidir le camchuairt náisiúnta an taispeántais in Éirinn sa bhliain 2026 (ionaid agus cúiseanna leis na hionaid sin);

- Plean inmharthanachta maidir le saolré an taispeántais;

- Nach dtiocfaí thar **5 x leathanach A4 i bhformáid PDF** (gan an bhileog chumhdaigh a chur san áireamh);

- Ba cheart beathaisnéis gach duine a bhaineann le hábhar a bheith ag gabháil leis an togra.

Ní mór gach iarratas a chur faoi bhráid ar an ríomhphost chuig info@cultureireland.gov.ie roimh mheán lae, an 6 Deireadh Fómhair 2023

AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

CÉIM I

Déanfaidh Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas de réir na gcritéar meastóireachta thuasluaite agus tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí a bhaineann áit amach ar an ngearrliosta páirt a ghlacadh i gCéim II den phróiseas roghnúcháin.

CÉIM II

Agallamh
Agallamh a bhainfidh le Céim II le painéal ar a mbeidh:

- Cathaoirleach neamhspleách
- Ionadaí thar ceann Chultúr Éireann
- Ionadaí thar ceann na Comhairle Ealaíon
- Beirt ailtirí ar a bhfuil dea-chlú orthu go hidirnáisiúnta

A luaithe a bhíonn baill an choiste deimhnithe, cuirfidh Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon a gcuid ainmneacha in iúl do na hiarratasóirí atá ar an ngearrliosta agus sa chás go dtarlaíonn aon athrú ar an bpainéal idir an dá linn, cuirfear sin freisin in iúl d'iarrthóirí an ghearrliosta roimh thráth an agallaimh.

Feictear gur i mBaile Átha Cliath a reáchtálfar na hagallaimh i ndeireadh mhí na Samhna 2023.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- Tá an ghairm seo maidir le hiarratais oscailte d'ailtirí, comhlachtaí ailtirí, léiritheoirí nó meithle lena mbaineann saineolas san ailtireacht. Is ceart gur Éireannaigh nó daoine ar a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn na hiarratasóirí.

- Ní sheolfar iarratais ar ais chuig an té a chuireann isteach iad.

- Ní íocfar táillí ná costais maidir le páirt a ghlacadh i gcéim ar bith den phróiseas roghnúcháin.

- Seolfar, ar an ríomhphost, admháil ar gach iarratas an tráth a dtagann an togra isteach.

- Cuirfear toradh an iarratais in iúl i scríbhinn do gach iarratasóir tar éis gach céim den phróiseas ina mbíonn siad páirteach.

- Forchoimeádtar de cheart ag Cultúr Éireann agus ag an gComhairle Ealaíon duine nó meitheal a cheapadh i mbun léiritheoireachta ar chur i láthair náisiúnta na hÉireann sa Veinéis sa chás nach dtagann toradh sásúil ar an bpróiseas iarratais oscailte.

- Ní bheidh dul thar chinneadh an phainéal roghnúcháin.

AISEOLAS

Cuirfear aiseolas i scríbhinn, bunaithe ar na critéir mheastóireachta a luaitear, ar fáil do na hiarratasóirí ar fad a chuirtear ar an ngearrliosta.

Tionscnamh de chuid Chultúr Éireann, i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon is ea Éire sa Veinéis

AN TRÁTHCHLÁR ROGHNÚCHÁIN

Ní mór don iarratas a theacht roimh ***mheán lae, an 6 Deireadh Fómhair 2023***

Seolfaidh Cultúr Éireann admháil maidir le gach togra a fhaightear.

Cuirfear fógra ag na hiarratasóirí a n-éiríonn leo ionad a bhaint amach ar an ngearrliosta faoi thús mhí na Samhna ar a dheireanaí. Cuirfear mioneolas faoi na coinníollacha maidir le hiarratas Chéim II ar fáil an tráth sin do na hiarratasóirí ar fad ar an ngearrliosta.

Éilítear ar iarratasóirí Chéim II teacht i láthair ag agallamh ar dháta (a dheimhneofar go cruinn níos gaire don am) i ndeireadh mhí na Samhna 2023.

Fógrófar an togra a roghnaítear tar éis Chéim II den phróiseas roghnúcháin a thabhairt chun críche.

COMHFHREAGRAS

Is ceart ceist ar bith maidir le hiarratais a sheoladh ar an ríomhphost chuig: info@cultureireland.gov.ie